



An tAcht um Theanntáil Feithiclí 2015

An Nós Imeachta um Ghearáin

Aibreán 2019

1. Réamhrá

Foráiltear leis an Acht um Theanntáil Feithiclí 2015 um rialáil theanntáil feithiclí ar fud an Stáit ag an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA). I measc na n-ábhar atá cuimsithe san Acht tá bunú Nós Imeachta um Ghearráin (nó Nós Imeachta) chun gearáin ó bhaill den phobal a mheas.

Tá an Nós Imeachta seo glactha ag an NTA i gcomhréir leis an Acht agus ceanglaítear ar gach rialaitheoir páirceála cloí go hiomlán le forálacha an Nós Imeachta.

Níl aon táille le híoc ag aon duine ar mian leo gearán a dhéanamh i gcomhréir leis an Nós Imeachta Gearán seo.

2. Gluais Téarmaí

Ciallaíonn “An tAcht” an tAcht um Theanntáil Feithiclí 2015;

ciallaíonn “teanntán” fearas nó gléas atá deartha nó curtha in oiriúint do ghreamú le feithicil chun í a choimeád ó bheith tiománaithe nó a chur ag gluaiseacht ar bhealach eile;

ciallaíonn “teanntáil” teanntán a ghreamú le feithicil páirceáilte;

ciallaíonn “gníomhaíochtaí teanntála” teanntáil, teanntán a bhaint d’fheithicil, feithicil a aistriú agus muirir a ghearradh;

ciallaíonn “oibreoir teanntála” duine atá údaraithe ag rialaitheoir páirceála gníomhaíochtaí teanntála a dhéanamh thar ceann an rialaitheoir páirceála agus áirítear leis fostaí ag oibreoir teanntála nó aon duine eile atá fostaithe ag oibreoir teanntála chun na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh thar a c(h)eann agus, i dtaobh ghníomhaíochtaí teanntála arna ndéanamh faoi alt 101B den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961 (mar atá curtha isteach ag alt 32 den Acht um Theanntáil Feithiclí 2015, áirítear leis oifigeach teanntála (laistigh de bhrí an ailt sin); agus

ciallaíonn “rialaitheoir páirceála”, maidir le háit teanntála, an duine atá freagrach, maidir leis an áit teanntála sin, as forfheidhmiú an dlí nó na rialacha is infheidhme do pháirceáil san áit sin, ach ní áirítear leis ball den Gharda Síochána nó maor tráchta atá údaraithe maidir leis sin;

Sa cháipéis seo, áit a n-úsáidtear forainm fireann d’fhéadfadh go dtagródh sé don fhorainm baineann chomh maith agus vice versa, cibé acu a d’fhéadfadh a bheith amhlaidh.

3. Gearáin

3.1 Réamhrá

Féadfaidh aon bhall den phobal gearán a dhéanamh i gcomhréir le hAlt 18(1) den Acht um Theanntáil Feithiclí i dtaobh ceann amháin díobh seo a leanas nó gach ceann díobh-

- Comhlíonadh freagrachtaí ag rialaitheoirí páirceála;
- Iompar, iompraíocht agus aithint oibreoirí teanntála;
- Moill nach gá ag rialaitheoirí páirceála nó oibreoirí teanntála maidir le freagairt ar ghearáin nó chumarsáid eile ó bhaill den phobal; agus
- Aithint feithiclí arna n-úsáid ag oibreoirí teanntála (lena n-áirítear lógónna, greamáin agus fógra ar na feithiclí sin).

3.2 Gearán a dhéanamh leis an NTA

Ní mór gach gearán a dhéanamh **iscríobh agus a chur isteach ar an bhfoirm oifigiúil** – “Foirm um Ghearán_Maidir le Teanntáil” – (ar fáil ag www.nationaltransport.ie) chuig an NTA le breithniú. Ní mór gearáin a dhéanamh chuig an NTA laistigh de 60 lá ón eachtra/ó na heachtraí a bhfuil gearán á dhéanamh ina leith.

Ní mór an fhoirm ghearáin chomhlánaithe agus shínithe¹ (i nGaeilge nó Béarla) a sheoladh chuig-

**An Rannán um Rialáil Teanntála,
An tÚdarás Náisiúnta Iompair,
1^ú Urlár,
Dún Scéine,
Lána Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.**

nó féadfar é a sheoladh trí ríomhphost chuig:

clamping@nationaltransport.ie

Scrúdóidh an NTA agus déanfaidh siad cinneadh i leith gearán maidir le gníomhaíochtaí teanntála mar atá leagtha amach thuas. Comhlíonann an NTA a fheidhmeanna go hiomlán neamhspleách ón rialaitheoir páirceála agus treoraítear a chuid cinntí ag oibleagáidí reachtúla na bpáirtithe atá i gceist agus ag na prionsabail neamhchlaontacht, ceart agus cóir agus cur chuige comhsheasmhach.

Ba cheart don achomharcóir cinntiú gur féidir an t-achomharc scríofa a thuiscint go hiomlán agus go n-áirítear leis gach ní atá ábhartha don achomharc. Féadfaidh an gearánaí ráitis fhinné a áireamh chomh maith le grianghraif, taifeadtaí físeáin, léarscáileanna, pleananna etc.

¹ Tabhair faoi deara go dteastaíonn bunsíniú.

In éineacht leis an achomharc. Níor cheart don ghearánaí ach cóipeanna de na cáipéisí sin a chur isteach mar ní fhillfear na cáipéisí. Ní mór don ghearánaí gach buncháipéis a choimeád.

Agus eolas tacaíochta á chur chuig an clamping@nationaltransport.ie, ní mór don ghearánaí tabhairt faoi deara nach nglacfar ach leis na formáidí comhaid seo a leanas: JPEG, GIF, ING, IMG, MP3, MP4 & MOV. Féadfar meáin soghluaiste a éascú freisin faoi réir beart cuí in aghaidh víreas. Ba cheart tabhairt faoi deara go ndiúltóidh an freastalaí ríomhphoist go huathoibríoch don fhreastalaí ríomhphoist NTA do ríomhphoist a chuimsíonn comhaid i bhformáidí EXE, DLL nó MSI. Diúltóidh an freastalaí NTA freisin do ríomhphoist a bhfuil ríomhphoist eile iontu.

Iarrtar ar an ngearánaí déanamh cinnte go mbíonn comhaid ceangailte le ríomhphoist seachas bheith cumhdaithe iontu. Moltar don ghearánaí freisin gurb é an t-uasmhéid comhaid gur féidir leis an NTA glacadh leis in aon ríomhphost amháin ná 35mb (i.e. ní féidir le méid iomlán an ríomhphoist agus aon chomhaid atá ceangailte leis, bheith níos mó ná 35MB).

Ní ghlacann an NTA le freagracht ar bith áit nach bhfaightear gearáin a leagtar isteach ach nach gcloíonn leis na treoirlínte thuas.

Féachfaidh an NTA chuig admháil fhoirmiúil go bhfuarthas an t-achomharc a eisiúint chuig an achomharcóir laistigh de 5 lá ó é a fháil. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag líon na n-achomharc arna leagan isteach ar an amfhráma sin, áfach.

3.3 An Nós Imeachta um Ghearán

Déileálfar go rúnda leis an ngearán agus déanfar é a mheas go hoibiachtúil ag an NTA. Scrúdóidh an tOifigeach Achomhairc Teanntála go hiomlán na saincheistanna agus na cáipéisí ábhartha go léir arna gcur ar fáil ag an duine a dhéanann an t-achomharc agus áit a measann sé gur gá déanfaidh sé cigireachtaí láithreáin agus/nó agallaimh leis na baill foirne a bhí bainteach leis an eachtra as ar tháinig an gearán.

Féadfaidh an NTA faisnéis agus cáipéisí breise maidir leis an ngearán a iarraidh ón ngearánaí nó ón rialaitheoir páirceála nó ón dá pháirtí má mheasann sé gur gá sin chun na cúinsí go léir a thuiscint agus sonrúidh an tÚdarás tréimhse réasúnta gur cheart an fhaisnéis nó na cáipéisí sin go léir a chur isteach laistigh di.

Féadfaidh an NTA, dá rogha féin go hiomlán, cinneadh agallamh a chur ar an ngearánaí, na finnéithe nó ar ionadaithe ar an rialaitheoir páirceála nó an t-oibreoir teanntála, nó féadfaidh sé a mheas nach gá sin. Ní bheidh aon dualgas ar an NTA éisteacht phearsanta a thabhairt i gcás ar bith.

Má mhainníonn aon pháirtí cloí le hiarratais réasúnta arna ndéanamh ag an NTA, féadfaidh sin tionchar diúltach a imirt ar bhreithniú an ghearáin maidir leis an bpáirtí sin.

Féadfaidh an NTA, agus gearáin á meas aige, féachaint d'aon eachtraí gearáin roimhe sin maidir leis an ionad áirithe, an rialaitheoir páirceála áirithe, an t-oibreoir teanntála nó an gearánaí áirithe nó ábhair eile den sórt sin, má mheasann sé go mbaineann siad leis an ngearán atá á bhreithniú.

3.4 Cinneadh i leith Gearáin

Tar éis an gearán a fháil chomh maith le haon fhaisnéis agus/nó cáipéisí eile a iarradh, déanfaidh an NTA an t-ábhar a mheas, déanfaidh sé a chinneadh i scríobh (i gcrua-chóip nó i bhfoirm leictreonach nó sa dá fhoirm) agus eiseoidh sé dearbhú scríofa air sin, i dteannta leis na cúiseanna leis an gcinneadh, chuig an ngearánaí agus an rialaitheoir páirceála laistigh de 42 lá ó:

- glacadh leis an ngearán; nó
- glacadh le heolas/cáipéisí breise a iarradh; nó
- dul in éag na tréimhse um ghlacadh le heolas/cáipéisí breise a iarradh,

cibé acu is déanaí.

Déanfaidh an NTA ceann amháin de na cinntí seo a leanas:

- Seastar leis an ngearán;
- Seastar leis an ngearán i bpáirt; nó
- Ní sheastar leis an ngearán.

Má sheastar leis an ngearán nó má sheastar i bpáirt leis, féadfaidh an NTA iarraidh ar an rialaitheoir páirceála-

- Nósanna imeachta a leasú chun nach dtarlódh arís na cúinsí as ar eascair an gearán;
- Athoiliúint a eagrú do na baill foirne a bhí rannpháirteach san eachtra;
- Íocaíocht bheag ex gratia a dhéanamh leis an ngearánaí mar aitheantas ar aon anachain, chostas nó aon trioblóid a tharla de thoradh na gcúinsí as ar eascair an gearán nó an bealach inar dhéileáil an rialaitheoir páirceála leis an ngearán tosaigh; nó
- Cibé beart eile a ghlacadh a mheasann an NTA a bheith cuí chun déileáil leis an bhfadhb as ar eascair an gearán agus chun go gcuirfí cosc ar a tharlú arís.

Áit a ndéanann an NTA iarratas íocaíocht ex gratia a dhéanamh, ba cheart don rialaitheoir páirceála cloí leis an iarratas sin laistigh de 14 lá ón bhfógra cinnidh a eisiúint nó cibé tréimhse eile a d'fhéadfadh an NTA a leagan amach ina chinneadh.

Is cinneadh deireanach a bheidh i gceist le cinneadh an NTA i gcás gearáin agus ní bheidh aon bhealach gearáin eile ar fáil faoin Nós Imeachta seo. Ní chuireann an cinneadh cosc ar aon pháirtí, áfach, ó chearta reachtúla a chleachtadh agus rochtain a fháil ar an gcóras cúirteanna.

I gcásanna ina mbaineann gearán nó achomharc in aghaidh cinnidh faoi theanntáil nó aistriú leis an eachtra chéanna, ní eiseofar cinneadh faoin ngearán go mbeidh an próiseas achomhairc tugtha chun críche.

3.5 Taifid

Coimeádfaidh an NTA gach taifead a bhaineann le gearáin arna bhfáil ar feadh tréimhse nach lú ná 3 bliana ón dáta ar a ndearnadh cinneadh faoin ngearán. Féadfar na taifid sin a choimeád i bhfoirm leictreonach amháin.

4. Fógra faoi Fhorfheidhmiú & Imeachtaí

Tá sé de chumhacht ag an NTA faoi Chuid 4 den Acht daoine a cheapadh mar dhaoine údaráithe chun críocha an tAcht a fhorfheidhmiú chomh maith le haon rialacháin agus aon chód iompair arna dhéanamh faoin Acht. Áit is gá féadfaidh an NTA imeachtaí a thionscain in aghaidh rialaitheoirí páirceála agus oibreoirí teanntála as sárúithe ar a gcuid dualgas reachtúil. Féadfar an beart sin a ghlacadh ag eascairt ó ghearáin arna bhfiosrú i gcomhréir leis an Nós Imeachta um Ghearáin nó tar éis fiosrúchán neamhspleách arna dtionscain ag an NTA nó a thagann chun cinn ar bhealach eile.